IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

**I.R. Uimh. 430 de 2024**

---

# NA RIALACHÁIN FÁN ACHT UM CHÁILÍOCHTAÍ AGUS DEARBHÚ CÁILÍOCHTA (OIDEACHAS AGUS OILIÚINT), 2012 (AN CISTE COSANTA FOGHLAIMEORA), 2024

I.R. Uimh. 430 de 2024

# NA RIALACHÁIN FÁN ACHT UM CHÁILÍOCHTAÍ AGUS DEARBHÚ CÁILÍOCHTA (OIDEACHAS AGUS OILIÚINT), 2012 (AN CISTE COSANTA FOGHLAIMEORA), 2024

Déanaim, Patrick O'Donovan, An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 66 (a cuireadh isteach le halt 30 den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (Leasú), 2019 (Uimh. 32 de 2019)) den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 (Uimh. 28 de 2012) (arna oiriúnú leis an mBreisoideachas agus leis an Ardoideachas, An tOrdú um Thaighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2020 (I.R. Uimh. 451 de 2020), agus an tOrdú Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú), 2023 (I.R. Uimh. 19 de 2023)), le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta, na rialacháin seo a leanas leis seo:

1. (1) Na Rialacháin fán Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 (An Ciste Cosanta Foghlaimeora), 2024, is teideal do na Rialacháin seo.

(2) Tiocfaidh na Rialacháin seo i ngníomh an 1 Meán Fómhair 2024.

2. Sna Rialacháin seo,

ciallaíonn "An tAcht" an tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 (Uimh. 28 de 2012);

ciallaíonn "Údarás" Údarás Cáilíochtaí agus Dearbhaithe Cáilíochta na hÉireann arna bhunú faoin Acht;

ciallaíonn “Aire” an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

3. Forordaítear leis na Rialacháin seo ceanglais an Aire maidir le bunú, cothabháil agus oibriú an Chiste Cosanta Foghlaimeora.

4. Déanfaidh an tÚdarás cuntas bainc ar leith a oscailt agus a chothabháil don Chiste Cosanta Foghlaimeoirí.

5. Íocfar na nithe seo a leanas isteach sa Chiste um Chosaint Foghlaimeoirí:

(1) an t-ús, na díbhinní agus an t-ioncam eile go léir agus gach breisiú caipitil a eascraíonn as infheistíocht an Chiste um Chosaint Foghlaimeora nó aon chuid de;

(2) na fáltais ó aon réadú ar aon infheistíochtaí de chuid an Chiste um Chosaint Foghlaimeoirí;

(3) an t-airgead go léir arna sholáthar ag an Aire de bhun Alt 66A(4) den Acht; agus

(4) aon airgead eile a d'fhéadfadh a bheith ina chuid den Chiste Cosanta Foghlaimeora nó a fhaibhreoidh chuige nó a gheobhaidh an tÚdarás ina leith.

6. Coimeádfaidh an tÚdarás na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a íoctar isteach sa Chiste um Chosaint Foghlaimeora agus eisíocaíochtaí ón gCiste Cosanta Foghlaimeora, lena n-áirítear:

(1) cuntas ioncaim agus caiteachais,

(2) ráiteas faoi shreabhadh airgid, agus

(3) clár comhardaithe.

7. Sa tuarascáil bhliantúil a chuirfear ar fáil de bhun fhochuid 66(11) den Acht, áireoidh an tÚdarás cuntais bhliantúla.

8. Le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an úsáidfidh sé an t-airgead atá chun creidiúna don Chiste Cosanta Foghlaimeora ar an modh atá leagtha amach in Alt 66(3)(a) nó 66(3)(b) den Acht, beidh aird ag an Údarás ar na nithe seo a leanas:

(1) Fáil ar shocruithe a cuireadh i bhfeidhm faoi chuid 65 roimhe seo;

(2) Leasanna na bhfoghlaimeoirí cláraithe lena mbaineann;

(3) Clár den chineál céanna a bheith ar fáil;

(4) Na rioscaí agus na costais fhéideartha choibhneasta a bhaineann le híoc atá i gceist;

(5) Sláine an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí; agus

(6) Ionracas an Mharc Oideachais Idirnáisiúnta.

Toilíonn an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta le déanamh na Rialachán roimhe seo

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil, 27 Lúnasa, 2024.
PASCHAL DONOHOE,
An tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóiriú.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil, 27 Lúnasa, 2024.

PATRICK O'DONOVAN,
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.